Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Feabhra 2022**
**(OR. en)**

**5894/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0392(NLE)**

**SCH-EVAL 11**
**DATAPROTECT 23**
**COMIX 55**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5893/22 |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2019 ar **an bPolainn** maidir le cur i bhfeidhm acquis Schengen i réimse na **cosanta sonraí** |

1. Tar éis don Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú a ghlacadh, rinne na Ballstáit agus an Coimisiún meastóireacht ar an bPolainn in 2019 maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse na cosanta sonraí.

2. I gcomhréir leis an Rialachán sin, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh a ceapadh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta agus chun a áirithiú go gcuirfidh an Pholainn i bhfeidhm i gceart agus go héifeachtach na rialacha Schengen uile a bhaineann le cosaint sonraí.

3. D’fhormheas an Mheitheal um Ábhair Schengen, lena n-áirítear comhpháirtithe an Choiste Mheasctha, eadhon, an Iorua, an Íoslainn, an Eilvéis agus Lichtinstéin, an togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh an 31 Eanáir 2022.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an Dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, mar a leagtar amach in 5893/22 é, a ghlacadh mar mhír ‘A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.